Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9426/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0143(COD)**

**CODEC 1107**
**CLIMA 145**
**ENV 493**
**TRANS 347**
**MI 453**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 18 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

---

[1] 8922/1/18 REV 1.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 286.
[3] 8444/19.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 60/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.